Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024 (OR. en)**

**10676/24**

| | |
|---|---|
| **SOC 422** | **JEUN 125** |
| **EMPL 243** | **STATIS 74** |
| **EDUC 199** | **ELARG 76** |
| **SAN 318** | **COMPET 618** |
| **ECOFIN 641** | **MI 575** |
| **GENDER 110** | **MAP 23** |
| **ANTIDISCRIM 94** | **DIGIT 153** |
| **FREMP 285** | **ENV 584** |
| **MIGR 260** | **IND 298** |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta - *Formhuiniú* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Dearbhú thuasluaite d’fhonn is go bhformhuineofar í ag Comhairle EPSCO an 20 Meitheamh 2024.

# Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

La Hulpe, an Bheilg

an 16 Aibreán 2024

# Dearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*

## Brollach

### Tiomantas don Mhúnla Sóisialta Eorpach

1. Is mór againn a thábhachtaí atá geilleagar margaidh shóisialta na hEorpa, múnla gan mhacasamhail, ina bhféachtar le geilleagar táirgiúil, iomaíoch, nuálach a bhaint amach, a bheidh mealltach don infheistíocht, agus é á chothú ag margadh aonair dinimiciúil, agus é mar aidhm aige an lánfhostaíocht, an dul chun cinn sóisialta, agus leibhéal ard cosanta a bhaint amach. Leagtar béim freisin ar a thábhachtaí atá roinnt de na príomhghnéithe sin in Airteagal 3 CAE agus in Airteagal 151 CFAE. Tá sé de rún daingean againn Eoraip shóisialta a bhaint amach, agus é mar aidhm againn dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch a chruthú, poist ar ardchaighdeán agus dálaí cothroma oibre a áirithiú do chách, an bhochtaineacht agus an neamhionannais a laghdú agus aistriú cóir a chothú chuig an aeráidneodracht, ag tógáil ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar Chairt Shóisialta na hEorpa Chomhairle na hEorpa agus ar Dhearbhú Céad Bliain EIS maidir le Todhchaí na hOibre.

### Stáit leasa an Aontais: Athléimneacht in aghaidh na hanachaine

2. Le blianta beaga anuas, tá sraith géarchéimeanna agus dúshlán as cuimse tagtha go leac an dorais ag an Aontas, mar shampla paindéim COVID-19, an ghéarchéim aeráide atá ag titim amach os comhair ár súl agus meathlú an chomhshaoil, iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, na hathruithe sa chomhthéacs geopholaitiúil, an iomaíocht mhéadaitheach dhomhanda agus an creimeadh gaolmhar atá ag teacht ar bhonn tionsclaíoch an Aontais, an méadú géar ar an mboilsciú agus an ghéarchéim chostais mhaireachtála atá ann dá bharr. Ár margaí saothair dea-fheidhmiúla, ár ngnólachtaí athléimneacha, timpeallacht mhealltach infheistíochta, córais láidre sláinte, córais chuimsitheacha cosanta sóisialta, rochtain inacmhainne ardchaighdeáin ar sheirbhísí poiblí agus seirbhísí leasa ghinearálta, bhí ról ríthábhachtach acu

* Leis an Dearbhú seo, cuirtear le Clár Oibre Straitéiseach na Comhairle 2024-2029 freisin, i gcomhthéacs Comhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa agus le léamh in éineacht leis an bplé sin.

sin ar fad ó thaobh tionchar na ngéarchéimeanna sin a mhaolú, trí chosaint a thabhairt do na milliúin duine, do ghnólachtaí, do phoist, agus trí athléimneacht ár ngeilleagair a threisiú le gur tapa a théarnamh.

## An Compás: Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

3. Ón tráth a rinne Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach é a fhógairt in 2017, tá Colún Eorpach na gCeart Sóisialta mar chompás atá d'ár dtreorú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ar coiteann dúinn ar fad iad: fadhbanna fostaíochta, fadhbanna scileanna agus fadhbanna sóisialta, agus cóineasú aníos i dtaca le dálaí oibre agus maireachtála san Aontas. Ar leibhéal an Aontais, níl aon leathnú i gceist le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta ar chumhachtaí ná ar chúraimí an Aontais faoi mar a dheonaítear iad leis na Conarthaí. Ba cheart an Colún a chur chun feidhme laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí sin. Mar a d'athdhearbhaigh Ceannairí an Aontais i nDearbhú Porto in 2021, is gealltanas agus freagracht pholaitiúil choiteann é, go ndéanfaí an Colún a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, agus aird chuí á tabhairt ar inniúlachtaí na mBallstát faoi seach agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Tá sé beartaithe 20 prionsabal an Cholúin a chur chun feidhme agus aird chuí á tabhairt ar na comhthéacsanna socheacnamaíocha difriúla, ar éagsúlacht na gcóras náisiúnta agus ar ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta.

## Tús áite a thabhairt do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

4. Is den tábhacht go leanfaí de chur chun feidhme an Cholúin ar an leibhéal iomchuí agus go mbeadh sé sin ina mhórthosaíocht i gcónaí ag an Aontas Eorpach agus ag na Ballstáit, agus ag na tíortha is iarrthóirí. Tá sé ríthábhachtach go mbainfí amach príomhspriocanna 2021 i ndáil le fostaíocht, oiliúint agus laghdú na bochtaineachta faoi 2030. Is é an Colún an léarscáil againn i gcónaí agus mórthreochtaí an lae inniu á n-iomramháil againn agus na freagairtí beartais comhfhreagracha á múnlú againn. Anois, agus sinn ar maos sna haistrithe, idir an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas, cabhraíonn an Colún linn cearta na n-oibrithe, an comhionannas inscne, deiseanna cothroma chun sciliú, athsciliú agus uas-sciliú, dálaí córa oibre, cosaint agus cuimsiú sóisialta leordhóthanach, agus cúram sláinte inrochtana a chaomhnú. Beidh an Colún mar chompás againn, é d'ár stiúradh i dtreo aistriú cóir, lena n-áiritheofar nach bhfágfar aon duine ar lár. Agus athruithe déimeagrafacha ag titim amach os ár gcomhair, tá an Colún ina chreat againn trínar féidir ár gcuid beartas a oiriúnú, tacú le teaghlaigh, an t-aosú gníomhach folláin a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla lucht saothair atá ag athrú agus daonra atá ag dul in aois, sin agus prionsabail na córa agus na dlúthpháirtíochta

idirghlún á gcomhlíonadh ag an am céanna.

5. I bhfianaise na n-aistrithe sin, athdhearbhaímid an ceart agus an tsaoirse atá ag cách chun seirbhísí poiblí agus seirbhísí leasa ghinearálta ardchaighdeáin, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus na seirbhísí bunriachtanacha, ar den ríthábhacht iad don chomhtháthú sóisialta agus críochach agus don iomaíochas inbhuanaithe.

6. Athdhearbhaímid go bhfuil an dul chun cinn eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta fite fuaite ina chéile, agus is cuid é Colún Eorpach na gCeart Sóisialta d'iarracht níos ginearálta chun múnla fáis níos cuimsithí inbhuanaithe a chur i dtoll a chéile agus is rannchuidiú é freisin leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Cothaíonn sin comhtháthú sóisialta agus críochach agus cuidíonn sé le hiomaíochas na hEorpa a fheabhsú, rud a fhágann gur fearr is féidir le cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna agus fiontair an gheilleagair shóisialta, infheistíocht a dhéanamh agus poist ardcháilíochta a chruthú. I bhfianaise an laghdaithe i bhfás na táirgiúlachta san Aontas agus na nganntanas leanúnach saothair agus scileanna, ar diúltach a dtionchar ar iomaíochas an Aontais, meabhraímid gur féidir le hathchóirithe sóisialta agus infheistíochtaí sóisialta dea-cheaptha tionchar dearfach a imirt ar an bhfás eacnamaíoch, tríd an gcaipiteal daonna a fheabhsú agus na gnóthachain táirgiúlachta agus an soláthar saothair a mhéadú, sin agus rannchuidiú leis an dul chun cinn sóisialta ag an am céanna.

7. I bhfianaise na ndúshlán thuasluaite ar fad, meabhraímid a thábhachtaí atá sé na tionscnaimh éagsúla a comhaontaíodh ó 2017 i leith a thrasuí go hiomlán agus a chur chun feidhme ar bhealach leordhóthanach, chomh maith le faireachán éifeachtach a dhéanamh go leanann siad de bheith éifeachtach. Is díol sásaimh dúinn an t-athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh in 2025 ar Phlean Gníomhaíochta Cholún 2021, a bheidh ina bhonn le haghaidh gníomhaíochtaí breise ar leibhéal an Aontais d'fhonn na spriocanna don bhliain 2030 a bhaint amach.

## Seasamh leis an Idirphlé Sóisialta mar Bhunchloch den Daonlathas

8. I gcomhréir le Dearbhú Val Duchesse, athdhearbhaímid gur den fhíor-riachtanas idirphlé sóisialta éifeachtach a bheith ann ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus é mar bhunchuid den mhúnla sóisialta Eorpach agus dár ndaonlathas Eorpach. Tríd an idirphlé sin, cuirtear feabhas ar dhálaí oibre agus cuidítear leis an sprioc is coiteann dúinn ar fad a bhaint amach, is é sin go mbeadh an tAontas ar an áit is fearr le cónaí ann, le bheith ag obair ann agus le dul i mbun gnó ann. Is den tábhacht a thuiscint go leanann an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil de bheith ina mbunuirlisí chun na haistrithe reatha a mhúnlú. Iarraimid go dtreiseofaí an t-idirphlé sóisialta Eorpach i ngach tionscal agus i ngach

earnáil, go leanfar de thacaíocht a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus a gcuid comhaontuithe, agus go mbeadh páirt ag na comhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartais an Aontais, lena n-áirítear i gcur chun feidhme an aistrithe ghlais.

### Cumhacht a thabhairt do na Comhpháirtithe Sóisialta agus don Chómhargáil

9. Meabhraímid a thábhachtaí atá an tsaoirse comhthionóil agus comhlachais, mar aon le ceart na n-oibrithe agus a n-ionadaithe chun faisnéise agus comhairliúcháin ina n-ionad oibre agus ar an gceart chun cómhargála comhchoitinne agus chun gníomhaíochta comhchoitinne. Beidh cosaint leordhóthanach ag ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí ar aon ghníomhartha trasnaíochta arna ndéanamh acu ar a chéile nó ag a ngníomhairí nó a gcomhaltaí ar a chéile agus iad á mbunú, á bhfeidhmiú nó á riar.

10. Athdhearbhaímid go bhfuil rún daingean againn sainchumais na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí a lánurramú agus tacú lena ról mar ghníomhaithe don idirphlé sóisialta.

11. Meabhraímid forálacha na Treorach maidir le pá íosta leordhóthanach chun an chómhargáil a chur chun cinn agus a cumhdach a mhéadú de réir a chéile. Táimid ag súil le ceapachán an Toscaire tiomnaithe um Idirphlé Sóisialta Eorpach sa Choimisiún Eorpach, rud atá le tarlú go luath, agus ag súil freisin leis an gComhshocrú don Idirphlé Sóisialta Eorpach.

### Ról na Sochaí Sibhialta a aithint

12. Aithnímid ról na sochaí sibhialta, go háirithe ó thaobh beartais chun rannchuidiú le comhrac an eisiaimh agus na neamhionannas sóisialta agus eacnamaíoch, agus ó thaobh beartais a bhíonn éifeacht acu ar ghrúpaí tearc-ionadaithe agus leochaileacha. Is mór againn an fheidhm atá ag an tsochaí sibhialta inár gcuid daonlathas agus is feasach sinn a thábhachtaí atá sé spásanna sibhialta a chaomhnú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngrúpaí sin agus chun cur chun feidhme éifeachtúil na mbeartas atá dírithe orthu a áirithiú.

## An Comhionannas Deiseanna agus an Rochtain ar Mhargadh an tSaothair

13. I bhfianaise na nganntanas forleathan saothair agus na neamhréireanna scileanna a bhfuil na Ballstáit uile faoina n-anáil, ní mór ghníomhú a thuilleadh chun meon na foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn, i gcomhréir le Ráiteas Trípháirteach Barcelona. Is den bhunriachtanas an ceart chun oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil, iad ar ardcháilíocht agus

cuimsitheach, mar a leagtar amach i bPrionsabal 1 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, má táthar chun cuidiú le gach duine, bídís ag obair, dífhostaithe nó neamhghníomhach, agus ní mór gníomhú chun an ceart sin a chaomhnú. Go sonrach, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh oideachas agus oiliúint nuálach ardchaighdeáin ag cách. Is díol sásaimh dúinn an móiminteam a cruthaíodh le Bliain Eorpach na Scileanna agus táimid tiomanta na scileanna a choinneáil mar thosaíocht beartais agus táimid tiomanta freisin an Clár Oibre um Scileanna a thabhairt cothrom le dáta.

14. Is den bhunriachtanas na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta má táthar chun freastal ar riachtanais lucht cuardaithe poist agus fostóirí agus chun seirbhísí éifeachtacha inrochtana a thairiscint dóibh arb iad obair chuibhiúil agus pearsanra oilte an toradh orthu, sin agus na rátaí neamhghníomhaíochta á laghdú ag an am céanna. Meabhraímid a thábhachtaí atá sé a gcuid eolais siúd a úsáid chun tacú le beartais mhargadh saothair an Aontais agus náisiúnta agus iarraimid go dtacófaí a thuilleadh lena n-acmhainneacht sonraí agus teicneolaíocht dhigiteach a úsáid. Cuirimid i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leas iomlán a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe an mhargaidh saothair, lena n-áirítear tríd an rochtain ar mhargadh an tsaothair a chothú agus go bhfanfadh daoine sa mhargadh saothair sin, go háirithe dóibh siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach, d'oibrithe scothaosta, do ghrúpaí tearc-ionadaithe agus do ghrúpaí ar leochaileach a gcás. Tá ról le himirt ag seirbhísí príobháideacha fostaíochta i ndáil leis an méid sin freisin.

15. Táimid tiomanta go háirithe d'infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine óga agus tacú leo, ós rud é go bhfuil tionchar cinntitheach ag a n-dinimiceas, a bhfiontraíocht, a dtallann agus a gcruthaitheacht ar rathúnas na hEorpa faoi láthair agus amach anseo. Leagaimid béim ar a thábhachtaí atá an Ráthaíocht don Aos Óg atreisithe agus cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí córa.

16. Táimid tiomanta an t-idirdhealú sa tsochaí agus i margadh an tsaothair a chomhrac, lena n-áirítear i réimse na hearcaíochta, agus gach iarracht a dhéanamh Aontas an Chomhionannais a bhaint amach. Iarraimid go ndéanfaí meastóireacht ar na straitéisí i gcoinne an idirdhealaithe agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann lena n-athnuachan, lena n-áirítear iad siúd a rachaidh in éag in 2025, agus go ndéanfaí an obair ar chreataí an Aontais um an gcomhionannas agus i gcoinne an idirdhealaithe agus an chiníochais a dhoimhniú chun gach idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chomhrac trí chur chuige trasnach. Sa chomhthéacs sin, meabhraímid a thábhachtaí atá sé comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach a chur chun cinn.

17. Aithnímid an dul chun cinn tábhachtach a rinneadh chun an comhionannas inscne a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais, rud is ceart a threisiú chun gach bac atá fós ar an gcomhionannas inscne a shárú agus chun a áirithiú

go mbainfear amach cearta na mban ina n-iomláine. Iarraimid go ngníomhófaí ar bhonn leanúnach faoi réimsí na Straitéise um Chomhionannas Inscne, mar aon le haon athnuachan a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi, lena saothrófaí cur chuige déach ina mbeadh an príomhshruthú inscne á thionlacan le bearta sonracha, agus an trasnachas á chothú ag an am céanna. Iarraimid freisin go ngníomhófaí ar bhonn leanúnach chun dul i ngleic leis an leithscaradh inscne agus chun na bearnaí idir na hinscní a dhúnadh ó thaobh fostaíochta, pá, pinsean agus cúraim de agus iarraimid go ndéanfaí na bearta is gá chun deireadh a chur le steiréitíopaí inscne. Iarraimid freisin go ngníomhófaí go diongbháilte chun gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus gach cineál foréigin teaghlaigh agus steiréitíopaí díobhálacha inscne a chomhrac.

# Dálaí Córa Oibre

18. Tá rún daingean againn leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil dúinn leis na teicneolaíochtaí nua agus na héiceachórais dhigiteacha ó thaobh nuála, táirgiúlacht mhéadaithe agus iomaíochais de. Ach tá éiginnteacht ann i gcónaí le leathadh céimnitheach na hoibre ardáin, na hintleachta saorga agus bhainistiú algartamach ar dhinimic an ionaid oibre. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le meastóireacht agus gníomhaíochtaí breise chun dálaí córa oibre a áirithiú i bpríomhréimsí na ré digití, mar atá an teilea-obair, an ceart chun dícheangail, prionsabal 'an duine a bheith i gceannas' ar an intleacht shaorga a chomhtháthú i saol na hoibre, an bainistiú algartamach a rialáil, agus faisnéis a thabhairt d'oibrithe agus dul i gcomhairle leo.

19. Tá ár ndícheall á dhéanamh againn tuilleadh daoine a thabhairt isteach san fhostaíocht, an táirgiúlacht a mhéadú agus dálaí oibre agus cothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú, lena n-áirítear tríd an idirphlé sóisialta agus cómhargáil. Leagaimid béim ar a riachtanaí atá sé go ndéanfaí scileanna agus cáilíochtaí a aithint san Aontas, ar bhealach idir-inoibritheach, lena n-áirítear scileanna agus cáilíochtaí náisiúnach tríú tíortha. Tugaimid dár n-aire an plean gníomhaíochta maidir le ganntanas lucht saothair agus scileanna san Aontas. Is gá céimeanna breise anois ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ina mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach, chun é a chur chun feidhme. Tugaimid dár n-aire freisin 'An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta'.

20. Déanfaimid bearta chun soghluaisteacht chóir éifeachtach an lucht saothair a chothú ar fud an Aontais Eorpaigh. Le tionscnaimh chun feabhas a chur ar an gcumas calaois agus mí-úsáid a bhrath, acmhainneacht cigireachtaí saothair náisiúnta a mhéadú agus an comhar trasteorann eatarthu a fheabhsú, féadfar rannchuidiú freisin le dálaí oibre a fheabhsú a thuilleadh, do náisiúnaigh an Aontais agus do náisiúnaigh tríú tíortha, agus aird ar leith á tabhairt ar bhearta i réimsí na fochonraitheoireachta agus na hoibre gníomhaireachta. Ba comhairleoireacht agus tacaíocht a chur ar fáil d'oibrithe soghluaiste agus

feabhas a chur ar rochtain oibrithe, fiontar agus comhpháirtithe sóisialta ar fhaisnéis. Leis an meastóireacht atá le déanamh go luath ar an Údarás Eorpach Saothair, tabharfar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an bhforbairt bhreise atá le déanamh air, ar a ról agus ar a chuid inniúlachtaí.

21. Cé gur tosaíocht é poist nua a chruthú agus a chaomhnú chun borradh a chur faoi fheidhmíocht eacnamaíoch an Aontais, ba cheart an aird chéanna a thabhairt ar cháilíocht na bpost sin. Is den ríthábhacht go mbeadh dálaí oibre cuibhiúla ann má táthar chun oibrithe a mhealladh agus a choinneáil, agus is den bhunriachtanas cómhargáil láidir agus pá leordhóthanach cóir a bheith ann, iad mar thaca le fás cuimsitheach agus ina gcosc ar bhochtaineacht lucht oibre, má táthar chun an sciar lucht saothair den ioncam a athbhunú. Meabhraímid ról lárnach na gcomhpháirtithe sóisialta sa réimse sin.

22. Chun oiriúnú ar bhealach cuimsitheach solúbtha do na hathruithe atá ar na bacáin i margadh saothair na hEorpa agus chun a chur ar chumas oibrithe agus a n-ionadaithe ról gníomhach a imirt ó thaobh an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a thuar agus a bhainistiú, is den ríthábhacht an chómhargáil agus an t-idirphlé sóisialta a neartú chomh maith le rannpháirtíocht fostaithe agus ceart na n-oibrithe agus a n-ionadaithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta a chur chun cinn. I ndáil leis sin, is den bhunriachtanas go mbeadh muinín fhrithpháirteach agus comhar ann idir fostóirí agus oibrithe agus a n-ionadaithe.

23. Leis an ngeilleagar sóisialta, tugtar múnla forbartha sóisialta agus eacnamaíche dúinn lenar féidir gníomhaíochtaí eacnamaíocha ardfheidhmíochta cuimsitheacha inbhuanaithe a fhreastalaíonn ar an leas comhchoiteann a sholáthar. Aithnímid breisluach an mholta ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt, é sin freisin i gcomhthéacs Fhorógra San Sebastian agus Threochlár Liège don Gheilleagar Sóisialta san Aontas.

24. Maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde, athdhearbhaímid an cur chuige ‘fís nialais’ darb aidhm deireadh a chur le gach bás ag an obair. Agus urraim á tabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta, d'fhéadfaí féachaint leis na rialacháin agus na creataí ábhartha a oiriúnú ar bhealach fianaise-bhunaithe, féachaint an bhféadfaí rioscaí síceasóisialta a ionchorprú ar bhealach níos fearr, mar shampla na rioscaí sin a bhaineann leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear tionchair dhiúltacha ar an meabhairshláinte. Maidir le guaiseacha sonracha a eascraíonn as an athrú aeráide, strus teasa nó eachtraí adhaimsire, mar shampla, tá sé tábhachtach a gcosc a spreagadh. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach dlús a chur le bunú caighdeán íosta i ndáil le substaintí guaiseacha agus an ghluaiseacht a chothú i dtreo substaintí eile a chur ina n-ionad, agus aird ar leith á tabhairt ar ailsí ceirde a chosc. Athdhearbhaímid gur gá leanúint de na hiarrachtaí chun foréigean agus ciapadh ag an obair a chosc, a leigheas agus a dhíothú.

25. Féadfar ceachtanna a fhoghlaim ón ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) chomh maith le ceachtanna ón meastóireacht atá á déanamh uirthi.

26. Leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht oibre is saoil a chothú. Táimid tiomanta i gcónaí spriocanna athnuaite Barcelona maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a bhaint amach agus meabhraímid a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i gcúram leanaí atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, lena n-áirítear trí ghairmiúlú an lucht saothair agus dálaí córa oibre a ráthú. Is den ríthábhacht go gcuirfí an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí chun feidhme agus go ndéanfaí í a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear an faireachán air a fheabhsú.

# An Chosaint agus an Cuimsiú Sóisialta

27. Cé gur gá inbhuanaitheacht fhioscach chórais na bpinsean a chosaint, is gá iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh freisin chun leordhóthanacht na bpinsean a fheabhsú. Ar leibhéal an Aontais, dá ndéanfaí an comhordú idir seachadadh na Tuarascála maidir le hAosú, na Tuarascála maidir le Leordhóthanacht Pinsean agus na Tuarascála ar Chúram Fadtéarmach a neartú, d’áiritheofaí comhlántacht agus comhleanúnachas an fhaireacháin.

28. Agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais mhéadaitheacha reatha earnálacha na sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh, is den ríthábhacht go leagfaí béim láidir ar an gcosc agus ar an rochtain chomhionann inacmhainne leormhaith ar chúram. Agus comhthéacsanna náisiúnta agus roinnt na n-inniúlachtaí á gcur san áireamh, d’fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar riachtanais an lucht saothair, agus aird á tabhairt ar oiliúint agus ar dhálaí oibre agus ar thacaíocht don chómhargáil in earnáil an chúraim.

29. Leis na claochluithe ar mhargadh an tsaothair treisítear an gá le feabhas leanúnach ar leordhóthanacht na gcóras náisiúnta cosanta sóisialta. Dá bhrí sin, is mórthosaíocht é go ndéanfaí an fhoghlaim fhrithpháirteach a threisiú agus faireachán breise a dhéanamh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, agus éagsúlacht na gcóras náisiúnta cosanta sóisialta á hurramú ag an am céanna.

30. Le gur slán i bhfad na haimsire comhordú na slándála sóisialta, is gá tuilleadh deimhneacht dhlíthiúil, tuilleadh trédhearcachta agus tuilleadh comhair idir na Ballstáit. Chun inaistritheacht na gceart slándála sóisialta laistigh den Aontas a áirithiú agus chun ár gcórais cosanta sóisialta a dhéanamh níos so-úsáidte do shaoránaigh, d'oibrithe agus d'fhostaithe soghluaiste, agus chun forfheidhmiú a éascú agus cleachtais neamhdhleathacha a chomhrac, iarraimid go leanfaí de chéimeanna a thabhairt chun an Córas um Malartú Leictreonach Faisnéise

Slándála Sóisialta a chur chun feidhme agus a chomhlánú a thuilleadh agus chun fís chuimsitheach a bheith ann maidir leis an digiteáil.

31. Leagaimid béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh éifeacht ag an gceart agus an tsaoirse atá ag cách rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí agus seirbhísí leasa ghinearálta atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán. Agus na comhthéacsanna náisiúnta á gcur san áireamh againn, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí ardcháilíochta, agus riachtanais shonracha grúpaí leochaileacha á gcur san áireamh.

32. Is gné lárnach de stáit leasa na hEorpa é comhrac na bochtaineachta agus an obair ar son an chuimsithe shóisialta. Chun dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh i dtreo phríomhsprioc an Aontais agus chun dul i ngleic le fadhb ilghnéitheach an eisiaimh shóisialta, meabhraímid a thábhachtaí atá sé go mbeadh cur chuige comhtháite ann chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht.

33. I ndáil leis an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach, ba cheart ról a bheith ag cur chun feidhme an mholta sin i dtaca leis na líontáin sábhála sóisialta a fhorbairt agus a nuashonrú a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta, rud a áiritheodh cosaint bhunúsach le haghaidh daoine atá i ngátar agus go bhféadfaidís glacadh iarbhír lena gcuid teidlíochtaí, agus aistriú rianúil chuig margadh an tsaothair á éascú dóibh siúd ar féidir leo oibriú.

34. Chun cearta daoine faoi mhíchumas a urramú agus a chur chun cinn, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), ba cheart tuilleadh a dhéanamh chun gné an mhíchumais a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais agus chun an dara céim den Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a fhorbairt ar bhealach uaillmhianach.

35. Maidir le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gCur Chuige Cuimsitheach i leith na Meabhairshláinte.

36. Is fadhb í gcónaí é i roinnt mhaith Ballstát líon na ndaoine gan dídean, mar aon le dúshláin a bhaineann le hinacmhainneacht agus inrochtaineacht tithíochta, go háirithe i limistéir uirbeacha, le bochtaineacht fuinnimh agus leis an gcostas ard maireachtála a bhfuil raon leathan daoine faoina anáil, go háirithe iad siúd ar ioncam íseal, ar fadhbanna iad dá dteastaíonn straitéisí comhtháite agus obair leantach ina leith. Agus na hinniúlachtaí náisiúnta á gcur san áireamh, ní mór gníomhaíocht leanúnach a dhéanamh maidir le tithíocht shóisialta atá inrochtana, éifeachtúil, glas agus inacmhainne chun freastal ar riachtanais tithíochta gach duine, chun deireadh a chur leis an easpa dídine agus chun cur chuige 'tús áite don tithíocht' a chur chun cinn. Aithnímid a thábhachtaí atá an tArdán Eorpach chun an Easpa Dídine a Chomhrac.

# Rialachas

37. Athdhearbhaímid gur cheart don Seimeastar Eorpach, gona ghnéithe eacnamaíocha agus sóisialta, leanúint de bheith ina bhunchreat i gcónaí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Cholúin, lena n-áirítear tríd an Scórchlár Sóisialta, chun rioscaí i dtaobh cóineasú sóisialta aníos a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh i dtreo spriocanna an Aontais do 2030 agus spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach.

38. Leagaimid béim ar a riachtanaí atá sé leanúint den obair ar mhaithe le comhthuiscint ar an infheistíocht shóisialta. Ní mór dúinn leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na scileanna, an mhargaidh saothair agus na mbeartas sóisialta le haghaidh fás eacnamaíoch, táirgiúlachta agus iomaíochais.

39. Ní mór hiarrachtaí athnuaite a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gceapadh beartas fianaise-bhunaithe. De bhreis ar fheabhsú na ndeiseanna foghlama frithpháirtí, meabhraímid a thábhachtaí atá sé treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt i ndáil le húsáid na n-uirlisí measúnaithe agus meastóireachta tionchair. Ina theannta sin, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i staidreamh breise ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta, agus rochtain ar shonraí a éascú chun críoch ceaptha beartais agus meastóireachta, an méid sin a bheith comhchuibhithe tráthúil, agus comhlíonadh na rialachán maidir le cosaint sonraí á áirithiú ag an am céanna.

40. Iarraimid go ndéanfaí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a phríomhshruthú i ngach réimse ábhartha den bheartas. Is den ríthábhacht sineirgí beartais a áirithiú chun córas ardcháilíochta éifeachtúil a bhunú trí infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Chun a áirithiú nach gcuirfidh beartais in aon réimse leis an mbochtaineacht ná leis an neamhionannas, meabhraímid a thábhachtaí atá sé úsáid na measúnuithe tionchair dáileacháin a neartú. Iarraimid soláthar poiblí inbhuanaithe, lena n-áirítear go gcuirfí an chómhargáil chun cinn. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfaí na treoracha maidir le soláthar poiblí a mheas agus, dá mba ghá, d'fhéadfaí tuilleadh beart a dhéanamh ina leith.

41. Ba cheart Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, mar aon le caighdeáin saothair idirnáisiúnta, a chur san áireamh i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear ina bheartas trádála. Agus súil againn ar mhéadú an Aontais Eorpaigh, is den ríthábhacht go ndéanfaí an comhar le tíortha is iarrthóirí a fheabhsú, go gcabhrófaí leo an *acquis* sóisialta a chur chun feidhme agus go gcothófaí an cóineasú sóisialta aníos. Is gá tacú freisin leis an idirphlé sóisialta, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis an gcómhargáil sna tíortha aontachais, agus iad sin ar fad a chur chun cinn. Geallaimid freisin go leanfaimid den chomhar le tíortha comharsanacha an Aontais, lena n-áirítear tríd an Aontas

don Réigiún Meánmhuirí.

42. Agus cearta sóisialta á gcur chun cinn aige, ba cheart don Aontas tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar le Comhairle na hEorpa agus Cairt Shóisialta na hEorpa a chur chun cinn.

43. Athdhearbhaímid ár dtiomantas don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar noirm dhomhanda, agus ár dtiomantas dá luachanna agus is díol sásaimh dúinn rannpháirtíocht an Choimisiúin Eorpaigh, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus roinnt Ballstát sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda don Cheartas Sóisialta.

Arna dhéanamh in La Hulpe, an Bheilg, an 16 Aibreán 2024.

Roberta Metsola,
Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

Ursula von der Leyen,
Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh

Oliver Röpke,
Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Alexander De Croo,
Príomh-Aire Ríocht na Beilge
Thar ceann Ríocht na Beilge, Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na hEastóine, na hÉireann, na Poblachta Heilléanaí, Ríocht na Spáinne, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na hIodáile, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Portaingéile, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine, Phoblacht na Slóvaice, Phoblacht na Fionlainne

Pierre-Yves Dermagne,
Leas-Phríomh-Aire Ríocht na Beilge

Frank Vandenbroucke,
Leas-Phríomh-Aire Ríocht na Beilge

Esther Lynch,
Ardrúnaí Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann

Valeria Ronzitti,
Ardrúnaí SGI Europe

Véronique Willems,
Ardrúnaí SMEunited

Heather Roy,
Uachtarán Social Platform